# Aonad 1

## Mínigh seo dom

Bí ag smaoineamh ar na focail a bhfuil cló trom orthu: *tugtar*, *cuirtear*, *úsáidtear, tarraingítear*, *brúitear* agus *cruthaítear*. Scríobh síos roinnt nótaí chun na pointí seo thíos a mhíniú.

**1.** Cén t-ainm atá ar na focail sin? An bhfuil téarma gramadaí ann a chuireann síos orthu?

**Freagra:** Is samplaí den **bhriathar saor** iad. Is san aimsir láithreach atá na samplaí sin.

**2.** Cén uair a d'úsáidfeá iad? Cén chaoi a bhfuil siad difriúil le briathra eile?

**Freagra:** Úsáidtear iad nuair nach bhfuil a fhios agat cé go díreach a dhéanann an gníomh agus nuair nach bhfuil tú ag iarraidh an duine a lua. Féach, mar shampla, 'Goideadh an t-airgead aréir.' Seans nach bhfuil a fhios agat cé a ghoid an t-airgead nó seans nach bhfuil tú ag iarraidh an duine a ainmniú.

**3.** Cén fáth a bhfuil -*tar* i ndeireadh cuid acu agus –*tear* i ndeireadh cuid eile?

**Freagra:** Tá **consan leathan** (*a, o, u*) sa chéad chuid den fhocal ***tug****tar*. Caithfidh an dara cuid den fhocal a bheith mar an gcéanna. Tá **consan caol** (*e, i*) sa chéad chuid de na focail ***cuir****tear*, ***úsáid****tear* agus ***tarraing****ítear*. Caithfidh an dara cuid den fhocal a bheith mar an gcéanna.

**4.** Cén fáth a bhfuil 'í' fada sna focail *tarraingítear* agus *cruthaítear*?

**Freagra:** Cuir i gcás go bhfuil tú ag tabhairt orduithe do dhuine: *Cuir glaoch orm*; *tarraing pictiúr díom*; *cruthaigh rud éigin nua*.

- Níl ach siolla amháin in *cuir*. Is briathar den **chéad réimniú** é.
- Tá dhá shiolla in *tarraing* agus in *cruthaigh*. Is briathra den **dara réimniú** iad. Cuirtear 'í' lena leithéid go minic: *Crutha**í**onn sé sin fadhbanna domsa*; *tarraing**í**onn sí pictiúir dheasa*. Sin an fáth a bhfuil *cruth**aí**tear* agus *tarraing**í**tear* ann.
- Tá roinnt eisceachtaí ann, ach cabhróidh sé go mór leat líon na siollaí sa mhodh ordaitheach a chomhaireamh.

## Bain triail as

**1.** Caitheann daoine a lán airgid le linn na Nollag.

**Freagra:** *Caitear* a lán airgid le linn na Nollag.

**2.** Ní chuireann an rialtas go leor tacaíochta ar fáil.

**Freagra:** *Ní chuirtear* go leor tacaíochta ar fáil.

**3.** Ní scríobhann aon duine litreacha níos mó.

**Freagra:** *Ní scríobhtar* litreacha níos mó.

**4.** Ní dóigh liom go ndíolann siad bia ar bith sa siopa sin.

**Freagra:** Ní dóigh liom *go ndíoltar* bia ar bith sa siopa sin.

**5.** Ní labhraíonn daoine Béarla anseo.

**Freagra:** *Ní labhraítear* Béarla anseo.

**6.** Is mar sin a chruthaíonn sí pictiúr.

**Freagra:** Is mar sin a *chruthaítear* pictiúir.

**7.** Ní i gcónaí a insíonn daoine an fhírinne.

**Freagra:** Ní i gcónaí a *insítear* an fhírinne.

**8.** I nDáil Éireann, pléann na polaiteoirí ceisteanna móra an lae.

**Freagra:** I nDáil Éireann, *pléitear* ceisteanna móra an lae.

# Aonad 2

## Mínigh seo dom

Agus tú ag obair leat féin, scríobh míniú gearr ar an bhfocal *téarma*.

- Conas a mhíneofá é do dhuine nár chuala riamh é?

  **Freagra samplach:** Focal a bhaineann le gnó nó le hábhar speisialta éigin, mar shampla *téarma tíreolaíochta*, *téarma dlí*.

- Cén difríocht atá idir *téarma* agus focal ar bith eile?

  **Freagra samplach:** Tá a lán téarmaí ann nach mbíonn le cloisteáil go minic sa chaint ó lá go lá. Smaoinigh ar ríomhaire. Tá an focal *ríomhaire* coitianta go leor ach ní minic a deirtear *méarchlár* (*keyboard*) ná *clár frithvíreas* (*antivirus programme*). Úsáideann tú iad nuair a bhíonn ort déileáil leis na codanna sin den ríomhaire.

- Cén fáth a bhfuil gá le téarmaí ar chor ar bith?

  **Freagra samplach:** Is minic a bhíonn téarmaí níos cruinne ná na focail a úsáidimid de ghnáth. Cuireann siad eolas i láthair go han-éifeachtach ar fad. Bíonn a lán rudaí i gceist le focal ginearálta ar nós *aimsir*, ach tá ciall níos cruinne leis an téarma *aeráid* (patrúin aimsire in áit áirithe thar thréimhse ama.)

## Bain triail as

Is faoin scoláire atá sé freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo. Is fiú a rá gur traslitriú atá i gceist le *magma* (4) agus *foirmíodh* (5).

1. Déanann a lán ainmhithe **gnáthóg** dóibh féin go hard sna sléibhte.
2. Úsáidtear an téarma **lonnaíocht** chun cur síos ar áit ina dtagann daoine chun cónaí le chéile.
3. Tugtar **iontaisí** ar iarsmaí d'ainmhithe agus de phlandaí ársa atá fágtha i gcloch.
4. Bíonn **magma** ag gluaiseacht an t-am ar fad idir croí agus screamh an Domhain.
5. **Foirmíodh** na Himiléithe nuair a bhuail dhá phláta isteach ina chéile.

# Aonad 3

## Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–5, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar.

**1.** Is é Everest an sliabh is airde ar domhan.

**2.** Is é K2 an dara sliabh is airde ar domhan.

**3.** Ba é an crith talún a tharla sa tSile in 1960 an ceann ba chumhachtaí a taifeadadh riamh.

**4.** Is í an Áise an ilchríoch is mó ar domhan.

**5.** Is iad na tíortha ísealioncaim is mó a bhíonn thíos le creathanna talún.

Déan cinnte go dtuigeann tú ciall na n-abairtí sula dtabharfaidh tú faoi na ceisteanna thíos:

- Cén fáth a bhfuil an forainm é in abairtí 1–3, an forainm í in abairt 4 agus an forainm iad in abairt 5?

  **Freagra:** Is **ainmfhocail fhirinscneacha** iad na hainmfhocail in abairtí 1–3 (*sliabh*, *crith talún*). Mar sin de, úsáidtear an forainm firinscneach *é* chun tagairt dóibh.

  Is **ainmfhocal baininscneach** atá san ainmfhocal in abairt 4 (*Áise*). Mar sin de, úsáidtear an forainm baininscneach *í* chun tagairt dó.

  Is **ainmfhocal san uimhir iolra** é an t-ainmfhocal in abairt 5 (tíortha). Mar sin de, úsáidtear an forainm baininscneach *iad* chun tagairt dó.

- Cén fáth a bhfuil *ba* i dtús abairt 3 nuair atá *is* i dtús na n-abairtí eile?

  **Freagra:** Úsáidtear *ba* má tá an abairt san **aimsir chaite**, ag cur síos ar rudaí a tharla san am atá thart.

- Cuir tic leis an téarma ceart gramadaí a chuireann síos ar abairtí 1–5.

  **Freagra: Sárchéim** atá in abairtí 1–5 go léir. Úsáidtear **an tsárchéim** chun trácht ar *an rud is mó, is fuaire, is daoire* ar fad. Úsáidtear **an bhreischéim** chun rudaí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile, mar shampla *níos mó*, *níos fuaire*, *níos daoire*.

## Bain triail as

**1.** Is iad na fillsléibhte na sléibhte is óige ar fad.
**Freagra:** Tá na fillsléibhte ar na sléibhte is óige ar fad.

**2.** Is é an t-eipealár an pointe is contúirtí le linn crith talún.
**Freagra:** Tá an t-eipealár ar an bpointe is contúirtí le linn crith talún.

**3.** Is iad na tíortha ardioncaim na tíortha is saibhre ar domhan.
**Freagra:** Tá na tíortha ardioncaim ar na tíortha is saibhre ar domhan.

**4.** Is é an croí istigh an chuid is doimhne den Domhan.
**Freagra:** Tá an croí istigh ar an gcuid is doimhne den Domhan.

**5.** Ní hí Éire an tír is teo san Eoraip.
**Freagra:** Níl Éire ar an tír is teo san Eoraip.

# Aonad 4

## Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–4, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

1. Is í an India an tír is mó ***daonra***.
2. Tugtar 'tíortha ardioncaim' ar na tíortha is airde ***ioncam***.
3. Tá Éire i measc na dtíortha is mó ***forbairt***.
4. Is í an Veasúiv an bolcán is mó ***clú*** san Eoraip.

- Féach ar na hainmfhocail a bhfuil cló trom orthu. Cén tuiseal ina bhfuil siad: ainmneach nó ginideach?

  **Freagra:** Sa **tuiseal ainmneach** atá siad. Botún a bheadh ann *na tíortha is airde ioncaim* nó *na tíortha is mó forbartha* a scríobh.
- Cuir i gcás go mbeadh ort abairtí 1–4 a aistriú go Béarla. Déan do chuid aistriúchán féin ar dtús agus pléigh do chuid abairtí leis an duine in aice leat. An raibh sibh ar aon intinn?

  **Freagraí samplacha**

  1. India is the country with the biggest population. (India is the most populous country.)
  2. The countries with the highest income are known as 'high income countries'.
  3. Ireland is among the most developed countries.
  4. Vesuvius is the most famous/best known volcano in Europe.

## Bain triail as

1. Tugann a lán turasóirí cuairt ar an bhFrainc gach bliain. Go deimhin, is í an Fhrainc an tír is mó **turasóireacht** san Eoraip.
2. Sin é an carr is mó **díol** i mbliana.
3. Faraor, is minic a tharlaíonn tubaistí nádúrtha sna tíortha is lú **acmhainní**.
4. Is í an Veasúiv an bolcán is mó **cáil** san Eoraip.
5. Is mise an scoláire is fearr **Gaeilge** sa rang seo!

# Aonad 5

## Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–5, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar. Tá dhá leagan de gach abairt ann: A agus B.

Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

| A | B |
|---|---|
| **1.** Tá ceantar Bhoirne i gContae an Chláir. | **1.** I gContae an Chláir atá ceantar Bhoirne. |
| **2.** Tá ceist na turasóireachta deacair. | **2.** Ceist dheacair is ea ceist na turasóireachta. |
| **3.** Níl tírdhreach cheantar Bhoirne coitianta. | **3.** Ní tírdhreach coitianta atá i gceantar Bhoirne. |
| **4.** Tagann os cionn milliún cuairteoir go ceantar Bhoirne in aghaidh na bliana. | **4.** Os cionn milliún cuairteoir a thagann go ceantar Bhoirne in aghaidh na bliana. |
| **5.** Tá tírdhreach cheantar Bhoirne lom. | **5.** Tírdhreach lom atá i gceantar Bhoirne. |

- Athraíodh ord na bhfocal sna habairtí éagsúla. Cén t-athrú atá ann?
  **Freagra:** Tosaíonn na habairtí go léir i gColún A le *tá* nó *níl*. Tosaíonn na habairtí i gColún B ar bhealaí éagsúla.
- An síleann tú go bhfuil difríocht ar bith idir na habairtí i gColún A agus i gColún B? An bhfuil ceann acu 'níos fearr' ná an ceann eile? Cén fáth?
  **Freagra:** Tá éagsúlacht sna habairtí i gColún B. Éiríonn léitheoirí tuirseach d'abairtí a thosaíonn mar a chéile an t-am ar fad.
- Cén cuspóir a bhí ag an scríbhneoir nuair a rinne sé/sí na hathruithe?
  **Freagra:** Is dócha go raibh an scríbhneoir ag iarraidh na habairtí a dhéanamh níos bríomhaire. Tá na habairtí i gColún B níos 'gonta' freisin – tugtar an t-eolas is tábhachtaí i dtús na habairte. Tarraingíonn sin aird an léitheora.
- An bhfuil focal nó téarma ann a chuireann síos ar na habairtí i gColún B?
  **Freagra:** D'fhéadfá a rá go bhfuil an t-eolas is tábhachtaí **tugtha chun tosaigh** sna habairtí i gColún B.

# Bain triail as

1. Tá an Veasúiv san Iodáil.

   **Freagra:** San Iodáil atá an Veasúiv.

2. Tá an Veasúiv ina bolcán beo.

   **Freagra:** Bolcán beo atá sa Veasúiv.

3. Níl an Phacastáin forbartha.

   **Freagra:** Ní tír fhorbartha í an Phacastáin.

4. Tá ‘súnámaí’ ina fhocal Seapáinise.

   **Freagra:** Is focal Seapáinise é ‘súnámaí’.

5. Bhí an crith talún a tharla sa Phacastáin in 2021 cumhachtach.

   **Freagra:** Ba chumhachtach an crith talún a tharla sa Phacastáin in 2021.

# Aonad 6

## Mínigh seo dom

Tá dhá fhocal sa Ghaeilge a chiallaíonn *if*, is é sin 'má' agus 'dá'. Ach an bhfuil difríocht ar bith eatarthu nó an féidir focal amháin a chur in áit an fhocail eile, ar nós 'freisin' agus 'chomh maith'?

Léigh abairtí 1–6, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

| Má | Dá |
|---|---|
| **1.** Má dhéanann daoine na cinntí cearta, éireoidh linn an timpeallacht a chaomhnú.<br><br>**2.** Má bhíonn báisteach throm ann, a deir siad, seans go mbeidh sciorradh talún ann.<br><br>**3.** Má éisteann na húdaráis le comhairle na saineolaithe, ní bheidh cead tithe a thógáil ar thaobh an chnoic. | **4.** Dá ndéanfadh daoine na cinntí cearta, ní bheadh na pláinéad i mbaol.<br><br>**5.** Dá mbeadh báisteach throm ann, a dúirt siad, seans go mbeadh sciorradh talún ann.<br><br>**6.** Dá n-éistfeadh na húdaráis le comhairle na saineolaithe, ní bheadh cead tithe a thógáil ar thaobh an chnoic. |

1. Bunaithe ar na habairtí thuas, úsáidtear 'má' **nuair atá seans láidir ann go dtarlóidh rud éigin san am atá le teacht.**
2. Úsáidtear 'má' chun cur síos ar rudaí san **aimsir fháistineach.**
3. Bunaithe ar na habairtí thuas, úsáidtear 'dá' **nuair atá amhras ann go dtarlóidh rud éigin san am atá le teacht.**
4. Is í an aimsir a leanann 'dá' de ghnáth ná **an modh coinníollach**.

## Bain triail as

1. **Má fhoghlaimíonn tú** conas léarscáileanna a léamh, beidh tuiscint níos fearr agat ar an tírdhreach.
2. **Dá mbeadh** Éire níos gaire do phlátaí teicteonacha, seans go mbeadh creathanna talún sa tír.
3. **Má bhíonn** báisteach throm ann arís, beidh an ithir báite.
4. **Dá mbeifeá** i do shaineolaí, **d'fheicfeá** na comharthaí go bhfuil ollghluaiseacht ar siúl.
5. **Dá mbeadh** na tithe tógtha go maith, ní thitfidís le linn crith talún.

# Aonad 7

## Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–9, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar. Tabhair aird faoi leith ar na focail *i gcló iodálach*. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

**1.** Is mór *an t-athrú* a thagann ar charraigeacha meiteamorfacha áirithe.

**2.** Cuir síos *ar an athrú* ó chineál carraige amháin go cineál carraige eile.

**3.** Ainmnigh *an abhainn* is mó in Éirinn.

**4.** Tá *an t-eolas* go léir le fáil ar an suíomh gréasáin.

**5.** Caithfidh tú úsáid a bhaint *as an eolas* sin.

**6.** Is í *an Eolaíocht* an t-ábhar is fearr liom.

7. Is féidir *an t-idirlíon* a úsáid chun taighde a dhéanamh.

**8.** Bíonn neart eolas úsáideach le fáil *ar an idirlíon*.

**9.** Tá *an India* ag forbairt go han-tapa ar fad.

- Cén litir bhreise atá curtha leis an ainmfhocal in abairtí 1, 4 & 7?
  **Freagra:** *t*
- Cén téarma gramadaí a úsáidtear chun cur síos ar an litir bhreise sin?
  **Freagra:** Tugtar **an réamhlitir *t*** ar an litir bhreise sin.
- Cén fáth a bhfuil sí curtha le cuid de na hainmfhocail nuair nach bhfuil sí le feiceáil roimh ainmfhocail eile?
  **Freagra:** Cuirtear í le hainmfhocail fhirinscneacha sa **tuiseal ainmneach** (*an t-athrú, an t-eolas, an t-idirlíon*) ach ní bhíonn sé ann i gcás ainmfhocail bhaininscneacha (*an abhainn, an Eolaíocht, an India*).
  Ní chuirtear réamhlitir *t* le hainmfhocal ar bith sa **tuiseal tabharthach** (*ar an athrú, ar an idirlíon, as an eolas*).
- Cén scéal a bheadh ann i gcás focail a thosaíonn le *o* agus *u*?
  **Freagra:** Bheadh na rialacha díreach mar an gcéanna.

## Bain triail as

**1.** Is iad **an imirce** agus **an t-oideachas** a thugann deiseanna d'an-chuid daoine.

**2.** 'Seismeagraf' a thugtar ar **an uirlis** a úsáidtear chun creathanna talún a thomhas.

**3.** Is iad **an t-aer** agus **an t-uisce** a fhuaraíonn an laibhe os cionn talún.

**4.** Rinne an **t-ainmhí** seo gnáthóg dó féin ar **an oileán**.

**5.** Tá **an t-uafás** le foghlaim agam **faoin Eacnamaíocht**.

# Aonad 8

## Bain triail as

Tá dhá chineál clásal coibhneasta sa Ghaeilge: díreach agus indíreach. An aithníonn tú an difríocht idir an dá chineál?

- Breathnaigh ar abairtí 1–6, a baineadh as Caibidil 8. Tá an ceangal coibhneasta aibhsithe **i gcló trom**.
- An bhfuil siad díreach nó indíreach, dar leatsa?
- Cuir gach abairt sa cholún DÍREACH nó INDÍREACH. Tá an chéad cheann déanta cheana mar chabhair duit.

| DÍREACH | INDÍREACH |
|---|---|
| **1.** Tugtar 'ábhar orgánach' ar phlandaí agus ainmhithe marbha **atá** ag lobhadh san ithir. | **2.** Bíonn rath ar phlandaí agus ar mhiocrorgánaigh in ithir **a bhfuil** an-chuid cothaitheach inti. |
| **4.** Tá ceithre chomhábhar ann **a bhíonn** le fáil in ithir fholláin. | **3.** Tá roinnt próisis nádúrtha ann **a mbíonn** tionchar acu ar fhoirmiú na hithreach. |
| **6.** Foirmítear ithir mhóna in áiteanna **a bhí** ina bhforaoiseacha buaircíneacha fadó. | **5.** Bíonn ithreacha donna le fáil in áiteanna **a raibh** foraois dhuillsilteach iontu. |

- Cén fáth a síleann tú go bhfuil na samplaí díreach nó indíreach? Cad iad na comharthaí a thugann le fios go bhfuil siad díreach nó indíreach?
  **Freagra:** Nuair a bhíonn coibhneas díreach ann, úsáidtear focail mar *tá* agus *bhí*.
  Bíonn séimhiú ar an mbriathar: *a bhíonn*.
  Nuair a bhíonn coibhneas indíreach ann, úsáidtear focail mar *bhfuil* agus *raibh*.
  Bíonn urú ar an mbriathar: *a mbíonn*.

# Aonad 9

## 1. Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–8 agus bí ag smaoineamh ar an gceist seo:

Cén fáth a bhfuil *tá* (agus *níl nó an bhfuil*) i gcuid de na habairtí agus *bíonn* (agus *ní bhíonn nó an mbíonn*) i gcuid eile?

Freagair an cheist ina dhiaidh sin.

**A.** Úsáidtear *tá* chun cur síos ar rudaí **atá ag tarlú díreach anois nó ar rudaí seasta nach n-athraíonn**.

**B.** Úsáidtear *bíonn* chun cur síos ar rudaí **a tharlaíonn go rialta nó a bhíonn ann de ghnáth**.

---

**C.** Seo iad na téarmaí gramadaí a úsáidtear le cur síos ar (1) *tá* agus (2) *bíonn*:

**tá:** an aimsir láithreach

**bíonn**: an aimsir ghnáthláithreach

# Aonad 10

## Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–8, atá bunaithe ar eolas sa téacsleabhar. Tabhair aird faoi leith ar na focail *i gcló iodálach*. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

**1.** Thuas i measc na sléibhte atá foinse na *habhann*.

**2.** Ritheann gach *abhainn* le fána síos chun na farraige.

**3.** Le *himeacht* ama, déantar an charraig bhog a chreimeadh.

**4.** Bíonn traenacha ag *imeacht* gach uair an chloig.

**5.** Is í an Nua-Ghuine an dara *hoileán* is mó ar domhan.

**6.** Tá 89 léarscáil sa tsraith *Discover Ireland*, a chlúdaíonn oileán *Éireann* ar fad.

**7.** Séideann gaoth láidir ón Atlantach, go *háirithe* in iarthar na *hÉireann*.

**8.** Bíonn ábhair *áirithe* á n-iompar san abhainn atá an-saibhir ó thaobh cothaitheach de

- Cén litir bhreise atá curtha leis na focail in abairtí 1, 3, 5 agus 7?
  **Freagra:** *h*
- Cén téarma gramadaí a úsáidtear chun cur síos ar an litir bhreise sin? (LEID: ní séimhiú atá ann!)
  **Freagra:** an réamhlitir *h.* Cuirtear í le focail a thosaíonn le guta (*a,e,i,o,u*)
- Cén fáth an bhfuil sí curtha le cuid de na focail nuair nach bhfuil sí le feiceáil roimh fhocail eile?
  **Freagra:** Cuirtear an réamhlitir *h* le hainmfhocail i ndiaidh focail áirithe, mar shampla an focal *dara* agus na réamhfhocail *le* agus *go*. Bíonn sí ann i ndiaidh *na* sa tuiseal ginideach (*muintir na hÉireann*).
  Coinnigh súil amach agus tabharfaidh tú comhthéacsanna eile faoi deara ina n-úsáidtear é.

## Bain triail as

Is í an Tíreolaíocht foinse cuid mhór de na **huirlisí** agus de na **haipeanna** a úsáidimid ó lá go lá. Cuir i gcás, is beag rud atá chomh **húsáideach** le léarscáil nuair a bhíonn tú ag taisteal ó áit go háit. Ná **habair**, 'Ní bhainimse úsáid ar bith as léarscáileanna – tá gach rud ar an bhfón anois.' Mura mbeadh léarscáileanna ann, ní bheadh an fón in ann treoracha ar bith a thabhairt duit! Le fírinne, bímid ag brath ar léarscáileanna go **huile** is go **hiomlán**. Úsáideann Met Éireann léarscáileanna d'oileán na **hÉireann** chun réamhaisnéis na **haimsire** a chur i láthair, mar shampla.

# Aonad 11

## Mínigh seo dom

Anois, freagair ceisteanna 1–4. Déan féin iad ar dtús agus pléigh do chuid nótaí le scoláire eile ina dhiaidh sin. Bí réidh le páirt a ghlacadh sa phlé sa rang.

1. In abairtí 1–3, cén t-athrú a thagann ar an dara cuid den chomhfhocal (*cloch*, *gluaiseacht*, *sruthanna*)?

   **Freagra:** Tagann séimhiú ar thús an dara cuid den chomhfhocal.

2. Cén fáth nach bhfuil an t-athrú céanna le feiceáil i gcás na gcomhfhocal in abairtí 4–5?

   **Freagra:** In amanna, ní féidir séimhiú a chur ar thús an ainmfhocail. Tarlaíonn sé sin go minic nuair a thagann na litreacha *d, n, t, l, s* le chéile. Tá bealach an-éasca ann le cuimhneamh orthu: an focal Béarla DENTALS.

3. Cén t-ainm atá ar an dais bheag idir an dá chuid den chomhfhocal in abairtí 6–8? Cén fáth a bhfuil a leithéid istigh sna comhfhocail áirithe seo?

   **Freagra:** Tugtar *fleiscín* ar an dais bheag sin. Bíonn sé ann nuair a thagann na litreacha céanna le chéile (*sil-leagan*, *gnáth-theocht*).

4. Cén fáth a bhfuil dais bheag idir cuid de na comhfhocail in abairtí 9–10 agus nach bhfuil sa chuid eile?

   **Freagra:** Sa chás seo, tá an fleiscín ann toisc go bhfuil gutaí (*a,e,i,o,u*) ag teacht le chéile (*leá-uisce*, *fo-ithir*).

# Aonad 12

## Mínigh seo dom

1. Bíonn mianraí iarainn le fáil i ngaineamhchloch.
2. Is minic a tharlaíonn ollghluaiseacht de bharr gníomhaíochtaí daonna.
3. Tugtar 'oighearеolaí' ar eolaí a dhéanann staidéar ar oighearshruthanna.
4. Níl aon chineál sléibhte ar domhan níos coitianta ná fillsléibhte.
5. Tugtar cúltrá ar an gcuid den trá is faide siar ón bhfarraige.
6. Bíonn sil-leagan ar siúl ar feadh chósta na hÉireann.
7. Tháinig a lán eolais chun solais de bharr an chás-staidéir seo.
8. Le linn mhíonna an gheimhridh, bíonn an ghnáth-theocht in Antartaice timpeall -60°C.
9. Úsáidtear leá-uisce na n-oighearshruthanna chun fuinneamh a ghiniúint agus úruisce a chur ar fáil.
10. Cén difríocht atá idir barrithir agus fo-ithir?

Anois, freagair ceisteanna 1–4. Déan féin iad ar dtús agus pléigh do chuid nótaí le scoláire eile ina dhiaidh sin. Bí réidh le páirt a ghlacadh sa phlé sa rang.

1. In abairtí 1–3, cén t-athrú a thagann ar an dara cuid den chomhfhocal (*cloch, gluaiseacht, sruthanna*)?

   **Freagra:** Cuirtear séimhiú ar thús an dara cuid den chomhfhocal.

2. Cén fáth nach bhfuil an t-athrú céanna le feiceáil i gcás na gcomhfhocal in abairtí 4–5?

   **Freagra:** Bíonn amanna ann agus ní féidir séimhiú a chur ar thús an fhocail, mar shampla nuair a thagann na litreacha DNTLS le chéile. Sin mar atá i samplaí 4–5 agus i samplaí eile ar nós *spotsolas, cúldoras, indéanta*.

3. Cén t-ainm atá ar an dais bheag idir an dá chuid den chomhfhocal in abairtí 6–8? Cén fáth a bhfuil a leithéid istigh sna comhfhocail áirithe sin?

   **Freagra:** Tugtar fleiscín ar an dais bheag sin. Bíonn sé le feiceáil go minic, ar chúiseanna éagsúla. *I gcás abairtí 6–8, tá na litreacha céanna ag teacht le chéile: l* i gcás *sil-leagan, s* i gcás *cás-staidéar* agus *th* i gcás *gnáth-theocht*. Féach cé chomh deacair is a bheadh sé na focail sin a thuiscint mura mbeadh fleiscín ann: *silleagan, cásstaidéar, gnáththeocht.*

4. Cén fáth a bhfuil dais bheag idir cuid de na comhfhocail in abairtí 9–10 agus nach bhfuil sa chuid eile?

   **Freagra:** Sa chás seo tá na fleiscín ann toisc go bhfuil dhá ghuta (*a,e,i,o,u*) ag teacht le chéile. Féach cé chomh deacair is a bheadh sé na focail a thuiscint mura mbeadh fleiscín ann: *leáuisce, foithir*.

# Aonad 13

## Bain triail as

Léigh abairtí 1–6 arís. Féach ar na nascfhocail a bhfuil cló trom orthu. An bhfuil nascfhocail eile ann a d'fhéadfaí a úsáid sa chomhthéacs céanna? Mura bhfuil tú in ann smaoineamh ar nascfhocal oiriúnach, roghnaigh ceann ón mbosca thíos. Bí cúramach: tá 2 cheann ann nach bhfuil oiriúnach in aon chor.

1. **I dtosach báire**, míneoidh mé cad is crith talún ann.
2. Ní bhíonn báisteach ann ach go hannamh, agus bíonn triomach ann **mar gheall air sin**.
3. **Ní féidir a shéanadh ach** go bhfuil speicis áirithe i mbaol.
4. Bíonn sé deacair a bheith ag obair le marmar. **Bíodh sin mar atá**, úsáidtear é ar roinnt bealaí éagsúla.
5. **Go hachomair,** ní bheimis beo gan uisce úr.
6. Bíonn a lán buntáistí ag baint le forbairt na turasóireachta. **Mar shampla**, cuireann an turasóireacht jabanna ar fáil do mhuintir na háite.

# Aonad 14

## Mínigh seo dom

Féach ar na habairtí seo thíos. Tabhair aird faoi leith ar na focail a bhfuil cló trom orthu.

1. Ní mór dúinn ár machnamh ***a dhéanamh*** faoi na bealaí a n-úsáidimid uisce.
2. Thar aon rud eile, caithfimid uisce ***a chaomhnú***.
3. Is é atá i gceist le 'caomhnú' ná rud éigin luachmhar ***a chosaint*** agus ***a choimeád***.

Bí ag smaoineamh ar na ceisteanna seo thíos. Scríobh síos roinnt nótaí agus pléigh le scoláire eile iad. An bhfuil sibh ar aon aigne?

- Cén téarma gramadaí a úsáidtear le cur síos ar fhocail mar *déanamh*, *caomhnú, cosaint* agus *coimeád*?
  **Freagra:** Tugtar **ainm briathartha** ar a leithéid. Is féidir iad a úsáid mar ainmfhocal (*Tá caomhnú na timpeallachta an-tábhachtach dom*) agus mar bhriathar (*Tá sé an-tábhachtach dom an timpeallacht a chaomhnú)*.
- Cad a tharlaíonn do na focail sin nuair a chuirtear an focal beag 'a' rompu?
  **Freagra:** Cuirtear séimhiú orthu, más féidir. Ní i gcónaí is féidir séimhiú a chur ar an ainm briathartha, mar shampla *téacs a scríobh*, *an trácht a stiúradh*.
- Cuir Béarla ar na codanna seo de na habairtí: *ár machnamh a dhéanamh*, *uisce a chaomhnú*, *rud éigin luachmhar a chosaint agus a choimeád*.
  **Freagraí samplacha:** *to consider/think; to save water; to protect and preserve something precious.*
- An bhfeiceann tú aon chosúlacht idir na habairtí sin? An bhfuil an rud céanna ag tarlú iontu go léir?
  **Freagra:** I ngach cás, tá rud éigin le déanamh nó obair éigin le cur i gcrích.
- Cén ról atá ag na focail *machnamh*, *uisce* agus *rud éigin luachmhar* sna habairtí thuas?
  **Freagra:** Sin iad na rudaí 'atá le déanamh'. Tugtar **cuspóir an bhriathair** ar a leithéid. Seo an leagan amach atá ar abairtí den chineál seo: cuspóir + a + ainm briathartha.

Féach anois ar shraith eile abairtí, atá bunaithe ar abairtí sa téacsleabhar. Arís, tabhair aird faoi leith ar na focail a bhfuil cló trom orthu.

1. Bíonn ganntanas uisce ann nuair nach mbíonn dóthain uisce ann chun ***freastal ar*** an éileamh.
2. Tá gá le straitéis chun ***tacú le*** pobail a bhíonn ar bheagán uisce.
3. Beidh orainn ***laghdú ar*** an méid uisce a chuirtear amú.

Anois, bí ag smaoineamh ar na ceisteanna seo thíos. Scríobh síos roinnt nótaí agus pléigh le scoláire eile iad. An bhfuil sibh ar aon aigne?

- Cén difríocht atá idir na samplaí sa tsraith abairtí seo (*freastal ar*, *tacú le* agus *laghdú ar*) agus na samplaí a bhí sa chéad sraith abairtí (*déanamh*, *caomhnú*, *cosaint*, *coimeád*)?
  **Freagra:** Tá an t-ainm briathartha ag teacht *roimh* an gcuspóir sna habairtí seo.
- Cén fáth nach bhfuil an focal beag *a* le feiceáil sna habairtí seo?
  **Freagra:** Tá réamhfhocal ann. Seo an leagan amach a bhíonn ar abairtí den chineál seo: ainm briathartha + réamhfhocal + cuspóir.
- An bhfuil a fhios agat na téarmaí gramadaí a úsáidtear chun cur síos ar na difríochtaí idir an dá shraith abairtí? Mura bhfuil a fhios, cén áit a bhfuil an t-eolas sin le fáil?
  **Freagra:** I gcás *uisce a chaomhnú*, deirtear gur **cuspóir díreach** is ea uisce. Sin é an rud atá le caomhnú. I gcás *tacú le pobal*, is **cuspóir indíreach** é *pobal* mar tá réamhfhocal idir é agus an t-ainm briathartha.

# Aonad 15

## Tusa an t-eagarthóir

Cuir i gcás gur tusa eagarthóir Gaeilge *Compás*. Tá jab deacair agat! Caithfidh tú féachaint chuige nach mbeidh oiread agus botún amháin sa leabhar.

- Léigh abairtí 1–6.
- Ceartaigh na botúin i ngach ceann de na habairtí.
- Pléigh do chuid freagraí le scoláire eile agus bí réidh le páirt a ghlacadh sa phlé sa rang.

**1.** Úsáidtear ola chun táirgí eile cur ar fáil, mar shampla breosla, díosal agus asfalt.

**Freagra:** Úsáidtear ola chun táirgí eile **a chur ar fáil**, mar shampla breosla, díosal agus asfalt.

**2.** Ní mór do thíortha an domhain go léir a dhul i ngleic le ganntanas uisce.

**Freagra:** Ní mór do thíortha an domhain go léir **dul** i ngleic le ganntanas uisce.

**3.** Déantar sampláil ar an ithir, a fhéachaint an gá tuilleadh leasacháin a chur léi.

**Freagra:** Déantar sampláil ar an ithir, **féachaint** an gá tuilleadh leasacháin a chur léi.

**4.** Rinneadh forbairt sa cheantar chun a fhreastal ar an ardú seasta ar líon na dturasóirí.

**Freagra:** Rinneadh forbairt sa cheantar chun **freastal ar** an ardú seasta ar líon na dturasóirí.

**5.** Is féidir ár gcuid eolais faoi theicteonaic phlátaí a úsáid chun a theacht ar thuiscint maidir le creathanna talún.

**Freagra:** Is féidir ár gcuid eolais faoi theicteonaic phlátaí a úsáid chun **teacht** ar thuiscint maidir le creathanna talún.

**6.** Is faoin rialtas atá sé na fadhbanna seo réiteach.

**Freagra:** Is faoin rialtas atá sé na fadhbanna seo **a réiteach**.

# Aonad 16

## Mínigh seo dom

Sa tábla thíos, tá roinnt abairtí ina bhfuil uimhir + ainmfhocal. Tá difríochtaí idir na habairtí i gColún A agus i gColún B, áfach.

Léigh na habairtí agus freagair ceisteanna 1–5 ina dhiaidh sin.

- Déan iarracht na ceisteanna a fhreagairt i d'aonar ar dtús.
- Is féidir iad a phlé le scoláire eile ansin agus páirt a ghlacadh sa phlé sa rang.

| A | B |
|---|---|
| Lean an bolcán ag scaoileadh gáis amach san atmaisféar go ceann ***trí mhí***. | Seo ***trí cinn*** de na hacmhainní nádúrtha is tábhachtaí: uisce, aer agus ithir. |
| Tagann athruithe ar an tírdhreach le linn gach ceann de na ***ceithre shéasúr***. | Bíonn lá breise sa bhliain uair gach ***ceithre bliana***. |
| Tharla ***cúig oighearaois*** ar domhan go dtí seo. | Fágadh daoine gan uisce óil ar feadh ***cúig seachtaine*** i ndiaidh na stoirme. |
| Tá ***sé shliabh*** sa sliabhraon seo atá os cionn airde 6000m. | Tá an Túr Solais ar Shráid Uí Chonaill ***sé huaire*** níos airde ná Ard-Oifig an Phoist. |
| Fostaíonn Apple oibrithe i ***seacht dtír*** san Eoraip. | Bhí an damba á thógáil ar feadh ***seacht mbliana***. |
| Bhí teocht ***ocht gcéim*** is fiche ann. | Tá an scoil ag iarraidh ***ocht gcinn*** de chrainn nua a chur sa pháirc. |
| Is gnách an t-aerfótagraf a roinnt i ***naoi mbosca***. | Tá na céadta stáisiún monatóireachta ar fud an domhain. Go deimhin, tá ***naoi gcinn*** acu in Éirinn. |
| Brúchtann an géasar gach ***deich nóiméad***. | Le ***deich mbliana*** anuas, tá srianta curtha ar an bhforaoiseoireacht i réigiún na hAmasóine. |

### Ceisteanna

1. Cén uimhir ina bhfuil na hainmfhocail i gColún A: an uimhir uatha nó an uimhir iolra?

   **Freagra:** San uimhir uatha atá siad.

2. Cén uimhir ina bhfuil na hainmfhocail i gColún B: uatha nó iolra?

   **Freagra:** San uimhir iolra atá siad.

3. Cén fáth nach bhfuil na rialacha céanna i bhfeidhm sa dá cholún?

   **Freagra:** Is eisceachtaí iad na hainmfhocail i gColún B. Tá foirm speisialta acu a úsáidtear i ndiaidh na n-uimhreacha 3–10.

4. Cuir i gcás go mbeadh *dhá* roimh na hainmfhocail i gColún B? Cén uimhir ina mbeidís ansin?

   **Freagra:** An uimhir uatha a bheadh ann i ngach cás. Sin mar a bhíonn i ndiaidh *dhá*.

5. An bhfuil focail eile ann atá cosúil le *bliain*, *ceann*, *seachtain*, agus *uair*?

   **Freagra:** Tá roinnt bheag ann, ach ní úsáidtear go rómhinic iad inniu.

   - **Seanphíosaí airgid:** *scilling* (*cúig scillinge*), *pingin* (*seacht bpingine*)
   - **Aonaid tomhais:** *orlach* (*cúig orlaí*), *slat* (*seacht slata*), *troigh* (*ceithre troithe*)
   - **Focail eile:** *cloigeann* (*ceithre cloigne*), *fiche* (*trí fichid*)

# Aonad 17

## Bain triail as

Seo thíos roinnt focal agus frásaí a fágadh as na liostaí nascfhocal sa bhosca thuas.

- Léigh samplaí 1-8.
- Déan cinnte go dtuigeann tú an chiall atá leo.
- Cuir sa chatagóir cheart iad de réir an tsampla thíos.
- Pléigh do chuid oibre le scoláire eile. An bhfuil sibh ar aon aigne?

| Nascfhocail úsáideacha | | |
|---|---|---|
| **1. Le sampla a thabhairt** | **2. Le cuspóir a chur in iúl**<br><br>**6.** sa tslí is | **3. Le pointí a chur in ord**<br><br>**5.** mar fhocal scoir |
| **4. Le cúis a thabhairt**<br><br>**1.** ós rud é<br><br>**4.** toisc | **5. Le ráiteas ginearálta a dhéanamh**<br><br>**7.** ar an iomlán | **6. Le rudaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht**<br><br>**3.** bíodh sin mar atá |
| **7. Le pointe breise a dhéanamh** | **8. Le tuairim a chur in iúl**<br><br>**2.** feictear dom<br><br>**8.** dar liomsa | |

# Aonad 18

## Bain triail as

Scríobh sainmhíniú Gaeilge ar na téarmaí tíreolaíochta seo a leanas:

1. **bolcán:** Sliabh coirceogach a chaitheann carraigeacha leáite, luaith dhearg, gal etc. trína bhéal in airde uaireanta. (*An Foclóir Beag*)
2. **aeráid:** An cineál aeráide a bhíonn in áit. (*An Foclóir Beag*)
3. **daonáireamh:** Cuntas oifigiúil ar a bhfuil de dhaoine i dtír, i gcathair etc. (*An Foclóir Beag*)
4. **oighearaois:** Aois i bhfad siar nuair a bhí cuid mhór den domhan faoi oighear. (*An Foclóir Beag*)
5. **eas:** Sconna mór uisce ag titim le haill. (*An Foclóir Beag*)
6. **taoide:** Líonadh agus trá na farraige dhá uair sa lá trí tharraingt na gréine agus na gealaí. (*An Foclóir Beag*)

# Aonad 19

## Bain triail as

1. Ní féidir neamhaird a thabhairt **ar** an téamh domhanda níos mó.
2. Inniu féin, faigheann daoine bás **de** ghalair ar féidir iad a leigheas.
3. Tá daoine **de** shliocht na hÉireann le fáil ar fud an domhain.
4. Bíonn fonn ar thurasóirí cuairt a thabhairt ar thíortha atá an-difriúil **le** hÉirinn.
5. Is iomaí rud a chuireann iallach **ar** dhaoine a dtír féin a fhágáil.

# Aonad 20

## Bain triail as

Agus tú ag obair le scoláire eile, cuir 'is cosúil' nó 'deirtear' i dtús gach ceann de na habairtí 1–8, de réir an tsampla.

**Sampla:** Beidh torthaí dearfacha ar na hiarrachtaí seo.
Is cosúil ***go mbeidh*** torthaí dearfacha ar na hiarrachtaí seo.

1. Is cosúil **go dtiteann** na rátaí báis i ngach uile thír nuair a chuirtear cúram sláinte ar fáil.
2. Deirtear **gur** deacair foirgnimh a thógáil ar thalamh ard.
3. Is cosúil **go raibh** daonra na cruinne seasmhach go leor ar feadh tréimhse fhada staire.
4. Deirtear **gur** tháinig meath ar gheilleagar na hÉireann arís in 2008.
5. Is cosúil **gurb** ionann daonra agus an líon daoine atá ina gcónaí in áit ar leith.
6. Deirtear **gurbh** í an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí leighis a chuir feabhas ar shaol na ndaoine.*
7. Is cosúil **nár** ghnách le cailíní i dtíortha i mbéal forbartha dul níos faide ná an bhunscoil.
8. Deirtear **gur** tír fhorbartha í Éire.

* Bheadh **gurb í** inghlactha chomh maith.

# Aonad 21

## Bain triail as

Léigh an dá pharagraf thíos, a baineadh as Caibidil 21 den téacsleabhar.

Cuir i gcás gur tusa eagarthóir *Compás* agus go gcaithfidh tú féachaint chuige go mbeidh gach rud ceart ó thaobh na Gaeilge de. Dúradh leat, áfach, go bhfuil 10 mbotún sa dá pharagraf thíos. Botúin ghramadaí is ea cuid acu agus tá roinnt focal ann nach bhfuil litrithe mar is ceart.

- Aimsigh na botúin.
- Cuir an leagan ceart Gaeilge ar fáil.
- Pléigh do chuid oibre le scoláire eile.
- Bígí réidh le míniú don chuid eile den rang cén fáth a bhfuil na focail/frásaí mícheart.
- Tá an chéad bhotún ceartaithe cheana féin.

Bíonn an aimsir i gcónaí ag **athradh** de réir mar a thagann athruithe chun cinn san atmaisféar. Bíonn tionchar aige sin ar **alán** rudaí a bhíonn **ar siúil** ag daoine, mar shampla an turasóireacht, **an feirmeoireacht** agus **teastáil**. Tá sé tábhachtach, mar sin, an aimsir a réamhaisnéisiú go beacht cruinn. Ní mór daoine a choinneáil **ar an t-eolas** sa chaoi is go mbeidh siad ábalta iad féin a ullmhú agus pleananna a dhéanamh.

Is téarmaí iad 'aimsir' agus 'aeráid' **a húsáidtear** chun cur síos ar an staid ina bhfuil **an atmaisféar**. Ceapann a lán daoine **gurbh ionann** iad, ach ní hamhlaidh atá. Tá roinnt **difríochtaí tábhachtach** idir an dá théarma. Is é is aimsir ann ná staid ghearrthéarmach an atmaisféir in áit ar leith. Is é is aeráid ann ná patrún fadtéarmach na haimsire i limistéar ginearálta.

1. **Botún:** ag athradh

   **Ceartú/míniú:** Mílitriú atá ann. Ba cheart *ag athrú* a scríobh.

2. **Botún:** alán rudaí

   **Ceartú/míniú:** Mílitriú. Ba cheart *a lán* a scríobh.

3. **Botún:** ar siúil

   **Ceartú/míniú:** Mílitriú. Ba cheart *ar siúl* a scríobh.

4. **Botún:** an feirmeoireacht

   **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Is ainmfhocal baininscneach é *feirmeoireacht*. Ba cheart *an fheirmeoireacht* a scríobh.

5. **Botún:** teastáil

   **Ceartú/míniú:** An focal mícheart. Is é *taisteal* ba cheart a scríobh.

6. **Botún:** ar an t-eolas

   **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Ní scríobhtar an réamhlitir *t* sa tuiseal tabharthach. Is é *ar an eolas* ba cheart a scríobh.

7. **Botún:** a húsáidtear

   **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Níl aon ghá leis an réamhlitir *h*. Is é *a úsáidtear* ba cheart a scríobh.

8. **Botún:** an atmaisféar

   **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Is focal firinscneach é *atmaisféar*. Is é *an t-atmaisféar* ba cheart a scríobh.

9. **Botún:** gurbh ionann

   **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Bheadh *gurbh ionann* ceart san aimsir chaite, ach is í an aimsir láithreach atá i gceist anseo. Is é *gurb ionann* ba cheart a scríobh.

10. **Botún:** difríochtaí tábhachtach

    **Ceartú/míniú:** Botún gramadaí. Tá an t-ainmfhocal *difríochtaí* san uimhir iolra. Ba cheart an aidiacht *tábhachtach* a bheith san uimhir iolra chomh maith: *difríochtaí tábhachtacha*.

Is mar seo a bheadh an téacs agus na botúin go léir ceartaithe.

Bíonn an aimsir i gcónaí ag **athrú** de réir mar a thagann athruithe chun cinn san atmaisféar. Bíonn tionchar aige sin ar **a lán** rudaí a bhíonn **ar siúl** ag daoine, mar shampla an turasóireacht, **an fheirmeoireacht** agus **taisteal**. Tá sé tábhachtach, mar sin, an aimsir a réamhaisnéisiú go beacht cruinn. Ní mór daoine a choinneáil **ar an eolas** sa chaoi is go mbeidh siad ábalta iad féin a ullmhú agus pleananna a dhéanamh.

Is téarmaí iad 'aimsir' agus 'aeráid' **a úsáidtear** chun cur síos ar an staid ina bhfuil **an t-atmaisféar**. Ceapann a lán daoine **gurb ionann** iad, ach ní hamhlaidh atá. Tá roinnt **difríochtaí tábhachtacha** idir an dá théarma. Is é is aimsir ann ná staid ghearrthéarmach an atmaisféir in áit ar leith. Is é is aeráid ann ná patrún fadtéarmach na haimsire i limistéar ginearálta.

# Aonad 22

## Bain triail as

| Abairt | Roghanna | Freagra |
|---|---|---|
| **1.** Dúnadh _______________ agus osclaíodh ceann nua in 2010. | an chéad mhonarcha<br>an chéad monarcha | an chéad mhonarcha |
| **2.** Tá _______________ de thalamh an domhain clúdaithe ag foraoisí. | an tríú chuid<br>an tríú cuid | an tríú cuid |
| **3.** Bhí saol crua ag _______________ a lonnaigh sa tír. | na chéad dhaoine<br>na chéad daoine | na chéad daoine |
| **4.** Is í an laing-tsí _______________ is faide ar domhan (6,300 km). | an tríú abhainn<br>an tríú habhainn | an tríú habhainn |
| **5.** Tá clú ar an mbolcán seo de bharr brúchtadh a tharla _______________. | sa chéad aois<br>sa chéad haois | sa chéad aois |
| **6.** Is é K2 _______________ is mó ar domhan. | an dara tsliabh<br>an dara sliabh | an dara sliabh |
| **7.** Chuir an Phortaingéil cóilíneachtaí ar bun sa Bhrasaíl _______________ déag. | sa séú aois déag<br>sa séú haois déag | sa séú haois déag |
| **8.** Tá an oifig suite ar _______________ | an naoú hurlár<br>an naoú urlár | an naoú hurlár |
| **9.** Tugtar 'bóthar náisiúnta den _______________ ar a leithéid seo de bhóthar. | dara grád<br>dara ghrád | dara grád |
| **10.** Tá Árainn Mhór ar _______________ is mó amach ó chósta na hÉireann. | an seachtú hoileán<br>an seachtú oileán | an seachtú hoileán |

Nuair a bheidh an tábla líonta agat, bí ag smaoineamh ar na rialacha a bhaineann le horduimhreacha + ainmfhocal. An féidir leat na rialacha a mhíniú de réir na samplaí sa ghníomhaíocht seo?

**1.** Na rialacha a bhaineann le 'céad'

- Bíonn an t-alt *an* leis an orduimhir *céad* (*an chéad*)
- Cuirtear séimhiú ar an gcéad fhocal eile, más féidir, mar shampla *an chéad charr, an chéad chluiche*.
- Ní chuirtear séimhiú ar *d* ná *t* ná *s*, mar shampla *an chéad doras, an chéad teach, an chéad samhradh*.

**2.** Na rialacha a bhaineann le 'dara', 'tríú' srl.

A. Roimh fhocail a thosaíonn le consan.

- Ní bhíonn tionchar ar bith ag na horduimhreacha 2–10 ar fhocail a thosaíonn le consan, mar shampla *an dara teach, an tríú bliain, an seachtú cluiche, an deichiú duine.*

B. Roimh fhocail a thosaíonn le guta.

- Cuirtear réamhlitir *h* le focail a thosaíonn le guta: *an dara hamhrán, an tríú halbam, an seachtú huair, an deichiú haois.*

# Aonad 23

## Mínigh seo dom

Seo roinnt ceisteanna faoi abairtí 1–8.

- An úsáidtear an fhoirm chéanna den bhriathar (an modh ordaitheach) i ngach cás?
  - Ní úsáidtear. Cuir i gcás, tá difear mór idir an modh ordaitheach *tabhair* agus an aimsir chaite *thug*.
- Cén cineál briathra atá sna habairtí?
  - Is **briathra mírialta** iad.
- Cén áit a bhfaighfeá eolas faoi bhriathra den chineál sin?
  - I leabhar gramadaí nó áiseanna ar líne ar nós www.teanglann.ie.
- Cé mhéad briathra den chineál sin atá sa Ghaeilge?
  - Níl ach 11 acu ann. Deirtear go bhfuil os cionn 200 briathar mírialta coitianta sa Bhéarla!

## Bain triail as

Roghnaigh **ceann amháin** de na briathra a bhí in abairtí 1–8. Scríobh abairtí samplacha sa tábla chun úsáid an bhriathair san aimsir chaite a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Dearfach** | **Rinne** m'athair dinnéar deas dúinn aréir. |
| **Diúltach** | **Ní dhearna** mé gearán ar bith. |
| **Ceisteach** | **An ndearna** tú an aiste sin fós? |
| **Caint indíreach (dearfach)** | Is cosúil **go ndearna** sí jab maith de. |
| **Caint indíreach (diúltach)** | Is cosúil **nach ndearna** an stoirm mórán damáiste. |

# Aonad 24

## 1. Mínigh seo dom

Léigh abairtí 1–3, a baineadh as caibidlí éagsúla in *Compás*.

- Tabhair aird faoi leith ar na focail a bhfuil cló trom orthu.
- Freagair na ceisteanna ina dhiaidh sin.

1. In Éirinn, caithimid os cionn €100 milliún ar ***úlla*** gach bliain! Déantar formhór na ***n-úll*** (95%) sin a iompórtáil ón Nua-Shéalainn, ón bhFrainc nó ón Afraic Theas.
2. Caithfear ***crainn*** nua a chur in áit na ***gcrann*** a leagtar.
3. Tá míchothromaíocht idir ***fir*** agus mná i ndaonra na hIndia freisin. Is amhlaidh atá líon na ***bhfear*** níos mó ná líon na mban sna haoisghrúpaí 0–69.

### Ceisteanna

Déan iarracht na ceisteanna a fhreagairt i d'aonar ar dtús. Scríobh roinnt nótaí agus pléigh le scoláire eile iad ansin. An bhfuil sibh ar aon aigne?

1. Cén uimhir ina bhfuil na hainmfhocail *úlla*, *crainn* agus *fir*: an uimhir uatha nó an uimhir iolra?

   **Freagra:** San **uimhir iolra** atá siad.
2. Cén tuiseal ina bhfuil na hainmfhocail *úlla*, *crainn* agus *fir*: an tuiseal ainmneach nó an tuiseal ginideach?

   **Freagra:** Sa **tuiseal ainmneach** atá siad. Sin an leagan den fhocal a úsáidtear chun rudaí a ainmniú, mar shampla *Seo an crann*.
3. Cén uimhir ina bhfuil na hainmfhocail *úll*, *crann* agus *fear*: an uimhir uatha nó an uimhir iolra?

   **Freagra:** Tá siad san **uimhir uatha**. Is rud aisteach é sin, ar bhealach, mar tá níos mó ná ceann amháin acu ann.
4. Cén tuiseal ina bhfuil na hainmfhocail *úll*, *crann* agus *fear*: an tuiseal ainmneach nó an tuiseal ginideach?

   **Freagra:** Tá siad sa **tuiseal ginideach**. Féach an t-aistriúchán Béarla: *formhór na n-úll* (*most of the apples*), *in áit na gcrann* (*in place of the trees*), *líon na bhfear* (*the number of men*).
5. Is léir go bhfuil difríocht idir na hainmfhocail sa chéad chuid de na habairtí (*úlla*, *crainn*, *fir*) agus na hainmfhocail chéanna sa dara leath (*úll*, *crann*, *fear*). An bhfuil téarma gramadaí ann a chuireann síos ar ainmfhocail den chineál sin?

   **Freagra:** Is **lagiolraí** iad *úlla*, *crainn* agus *fir*. Is ionann sin agus a rá nach bhfanann siad san uimhir iolra nuair a chuirtear sa tuiseal ginideach iad.
6. Léigh an sliocht seo as *Compás*:

   Ar feadh i bhfad, níor ghnách le ***cailíní*** dul níos faide ná an bhunscoil. Inniu, áfach, tá feabhas ag teacht ar oideachas na ***gcailíní***.

   Cén difríocht atá idir an t-ainmfhocal *cailín* agus na hainmfhocail a bhí in abairtí 1–3 thuas? An bhfuil téarma gramadaí ann a chuireann síos ar a leithéid d'ainmfhocal?

   **Freagra:** Fanann focal mar seo san uimhir iolra fiú nuair a chuirtear sa tuiseal ginideach iad, mar shampla *daoine* > *saol na ndaoine*, *carranna* > *praghas na gcarranna*, *múinteoirí* > *seomra na múinteoirí*. Tugtar **tréaniolraí** ar a leithéid.

# Aonad 25

## Bain triail as

| CEART | MÍCHEART | ABAIRT |
|---|---|---|
| ✗ | | **1.** Is é Everest an sliabh is airde ar domhan. |
| ✗ | | **2.** Tá Corrán Tuathail ar an sliabh is airde in Éirinn. |
| | ✗ | **3.** Ní labhraítear daoine Spáinnis sa Bhrasaíl. |
| | ✗ | **4.** Dá ndéanfadh daoine na cinntí cearta, ní bheidh an pláinéad i mbaol. |
| ✗ | | **5.** Má bhíonn báisteach throm ann, seans go mbeidh sciorradh talún ann. |
| | ✗ | **6.** Is iad t-imirce agus an t-oideachas a thugann deiseanna do dhaoine. |
| | ✗ | **7.** Acmhainn nádúrtha is ea an ithir a bhímid ag brath go mór uirthi. |
| | ✗ | **8.** Is beag rud atá chomh úsáideach le léarscáil. |
| | ✗ | **9.** Is féidir a shiúl go dtí an t-oileán nuair a bhíonn lag trá ann. |
| ✗ | | **10.** Is faoin rialtas atá sé na fadhbanna seo a réiteach. |
| | ✗ | **11.** Tá gá le straitéis chun pobail a bhíonn ar bheagán uisce a thacú. |
| ✗ | | **12.** Fágadh daoine gan uisce ar feadh cúig seachtaine i ndiaidh na stoirme. |
| | ✗ | **13.** Seo trí cheann de na hacmhainní nádúrtha is tábhachtaí: uisce, aer agus ithir. |
| ✗ | | **14.** Is bóthar náisiúnta den dara grád é. |
| | ✗ | **15.** Déantar formhór na n-úlla a iompórtáil isteach go hÉirinn. |